

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

MODÚL 4 – AN tAONTAS INÁR SAOL LAETHÚIL

Is é is ábhar don cheacht seo ná a thaispeáint do dhaltáí conas a chuireann AE feabhas ar a saol laethúil. Chun a mhíniú cad iad na bealaí a bhfuil AE éagsúil le rialtais náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, tosaíonn an ceacht le cluiche ina dtugtar roinnt samplaí cinnte de reachtaíocht AE. Fanann na daltaí sa chluiche má fhaigheann siad freagra ceart. Is é atá le déanamh acu ná a rá an gceapann siad gur dlí Eorpach atá i gceist nó nach ea.

Nuair a bheidh an cluiche thart, is féidir leis an múinteoir tuilleadh eolais a thabhairt faoi chuid de na samplaí.

MODHEOLAÍOCHT	FAD AMA	ÁBHAIR
Cluiche oideachasúil: AE inár saol laethúil	10 nóiméad	- 1 bhileog de cheisteanna don mhúinteoir
Cur i láthair	10 nóiméad	- Ríomhaire + teilgeoir - Cur i láthair ar mhodúl 4

CUSPÓIRÍ AGUS SCILEANNA

DEARCADH

- Tá cur amach ag na daltaí ar thionchar AE ar a saol laethúil.

EOLAS

- Is eol do na daltaí go bhfuil cumhacht reachtach ag an Aontas Eorpach.
- Tá roinnt samplaí cinnte de reachtaíocht AE ar eolas ag na daltaí.

CÉIM AR CHÉIM

1. AN CLUICHE

SUÍOMH

Tá na daltaí ina suí le linn don intreoir ghairid a bheith ar siúl. Tar éis an cluiche a bheith mínithe dóibh, seasann na daltaí go léir. Bíonn gach dalta ag imirt ina aonar nó ina haonar. Tá dhá chúinne (nó dhá leath)

sa seomra ranga: tugtar cúinne AE ar chúinne amháin agus tugtar cúinne neamh-AE ar an gcúinne eile. Is sa cúinne neamh-AE atá an rialtas náisiúnta, ach freisin an rialtas réigiúnach nó an rialtas áitiúil.

PRÓISEAS

Intreoir: sula gcuirtear tús leis an gcluiche, tá sé tábhachtach a mhíniú go bhfuil cumhacht ag an Aontas Eorpach **reachtaíocht a rith**. Caithfidh cead a bheith tugtha ag na Ballstáit don Aontas dlí a rith i réimse ar leith sula bhféadfaidh AE é sin a dhéanamh. Is sna Conarthaí atá an cead sin tugtha. Tá sé tábhachtach freisin a thuiscint **go bhfuil tosaíocht ag dlí AE**: fiú amháin má tá dlí náisiúnta ann nach bhfuil ag teacht le dlí atá leagtha síos ag an Aontas, is é dlí an Aontais atá le cur i bhfeidhm sa Bhallstát. Tá an prionsabal seo (prionsabal na tosaíochta) i gceist le gach gníomh dlí ón Aontas ag a bhfuil 'feidhm cheangailteach' aige.

Míniú ar an gcluiche: is comórtas idir na daltaí atá sa chluiche agus cailleann an dalta a fhaigheann freagra mícheart. Tugann an múinteoir sampla de dhlí nó de dhlínse agus bíonn ar na daltaí a rá an gceapann siad gur reachtaíocht de chuid an Aontais é nó nach ea. Léiríonn na daltaí a bhfreagra trí dhul go dtí an 'cúinne AE' nó go dtí an 'cúinne neamh-AE'. Tar éis do na daltaí a rogha a dhéanamh, insíonn an múinteoir dóibh cad é an freagra ceart. Is féidir leis na daltaí a fuair an freagra ceart fanacht sa chluiche don chéad sampla eile. Beidh ar na daltaí a chuaigh go dtí an cúinne mícheart suí síos.

Leantar den chluiche go dtí go mbeidh triúr fágtha (nó d'fhéadfaí coinneáil leis go dtí nach mbeidh ach duine amháin fágtha). Is féidir an cluiche a thosú arís (e.g. má tá na daltaí go léir amuigh tar éis trí shampla, d'fhéadfaí iad ar fad a thabhairt ar ais le haghaidh samplaí eile).

ROINNT LEIDEANNA

- Má tá na daltaí tógtha leis an gcluiche, ná caith an iomarca ama leis an míniú tar éis gach sampla. Is féidir rith trí na samplaí Eorpacha arís sa chur i láthair.

INNEACHAR

Féach an doiciméad 'ceisteanna do dhaltáí'.

2. CUR I LÁTHAIR: AN tEOLAS A FUARTHAS A PHLÉ

SUÍOMH

Cuirtear na daltaí ina suí ionas gur féidir leo an cur i láthair a fheiceáil go héasca.

PRÓISEAS

Sa chur i láthair a ghabhann leis an gcluiche seo, tugtar breis faisnéis chúlra faoi shamplaí cinnte de reachtaíocht AE.

NAISC ÚSÁIDEACHA

- Tá a lán samplaí cinnte de reachtaíocht AE ar an suíomh gréasáin '[What Europe does for me.](#)'
- Cluiche spráúil ar líne faoi conas a athraíonn AE ár saol laethúil is ea [the12differences.eu](#). Bíonn ar na daltaí 12 dhifríocht a aimsiú idir dhá phictiúr de bhaile mór éigin. Tá an dá phictiúr mórán mar a chéile ach go bhfuil baile mór amháin ceaptha a bheith san Aontas Eorpach agus an ceann eile lasmuigh de. Is léiriú ar shampla ar leith de reachtaíocht an Aontais atá i ngach aon difríocht.

